An Banc Eorpach Infheistíochta

**PREASEISIÚINT**

13 Iúil 2023, an Bhruiséil

# Éire i measc 16 Bhallstát atá tar éis tacaíocht a ghealladh do Chiste an BEI ar son na hÚcráine

- **€7 milliún geallta ag Éirinn le tacú le Ciste 'AE ar son na hÚcráine' an BEI.**
- **Tá an cinneadh ina dhlaoi mhullaigh ar luach €383.3 milliún de ghealltanais eile don Chiste ón mBeilg, ón bhFrainc, ón Iodáil, ón Laitvia, ón Liotuáin, ó Lucsamburg, ón bPolainn, ón tSlóvaic, ón Spáinn, agus ón Ísiltír.**
- **An Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin agus an Ghréig chun tacú leis an gCiste freisin ach na méideanna deiridh fós le deimhniú acu.**
- **Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú breise ar an gCiste mar a dhéanfar tuilleadh gealltanas amach anseo.**

Chuir an Banc Eorpach Infheistíochta (an BEI) agus airí 16 thír den AE a lámh le léiriú intinne inniu maidir le Ciste 'AE ar son na hÚcráine' an BEI le tacú le clár oibre téarnaimh agus atógála na hÚcráine. Fógraíodh Ciste EU4U an BEI in earrach 2023 mar chuid de thionscnamh níos mó darb ainm 'AE ar son na hÚcráine', agus é mar aidhm aige cur go gasta le tacaíocht do na riachtanais bhonneagair is práinní ag an Úcráin agus an geilleagar sa tír a choinneáil ag gabháil ag an am céanna.

I measc na mballtíortha a d'fhógair go raibh sé ar intinn acu íoc isteach sa Chiste tá an Bheilg (suas le €6 mhilliún), Éire (€7 milliún), an Fhrainc (€100 milliún), an Iodáil (€100 milliún, a fógraíodh i mí Aibreáin), an Laitvia (€7 milliún), an Liotuáin (€10 milliún), Lucsamburg (€1.3 milliún), an Pholainn (€25 milliún), an tSlóvaic (€5 mhilliún), an Spáinn (suas le €70 milliún) agus an Ísiltír (€52 milliún). Anuas air sin, dhearbhaigh roinnt Ballstát go raibh siad chun tacú leis an gCiste ach go raibh an méid deiridh fós le deimhniú acu. Áirítear orthu siúd an Bheilg, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin agus an Ghréig. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú breise ar an gCiste mar a dhéanfar tuilleadh gealltanas amach anseo.

Beidh an Ciste ina réiteach sealadach droichid a chuirfidh ar chumas Bhanc an AE coinneáil air ag tabhairt tacaíocht don Úcráin go dtí go mbeidh bearta níos fadtéarmaí curtha i bhfeidhm ag an Aontas.

Éascóidh an Ciste tionscadail earnála poiblí agus príobháidí araon, a bheidh dírithe go príomha ar bhonneagar cathrach, amhail scoileanna agus ospidéil, líonraí iompair, saoráidí cóireála uisce agus fuíolluisce, cumas digiteach agus cibearshlándála, agus fáil fheabhsaithe a bheith ag fiontraithe na hÚcráine ar mhaoiniú.

Chuir an BEI fóirithint ar fáil don Úcráin a luaithe a bhris an cogadh amach agus d'íoc amach €1.7 billiún de mhaoiniú in 2022 d'fhonn tacú le deisiúcháin éigeandála ar bhonneagar sa tír a bhí fágtha ina smionagar ag buamáil na Rúise. Chuir Banc an AE líne chreidmheasa €4 bhilliún ar fáil freisin le tacú le lánpháirtiú dídeanaithe ón Úcráin i dtíortha den AE. Tríd an tionscnamh 'AE ar son na hÚcráine' agus tríd an gCiste atá ag gabháil leis, tá an Banc ag caitheamh dúthrachta i gcónaí le cur lena chuid gníomhaíochtaí san Úcráin, de réir an tsainordaithe a thug ceannairí an AE dó, agus i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint na hEorpa, le Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta.

Bhí an méid seo le rá ag **Michael McGrath, Aire Airgeadais na hÉireann agus Gobharnóir de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta**: "Tá príomhról ag an mBanc Eorpach Infheistíochta sna hiarrachtaí le tacú leis an Úcráin ó ionradh na Rúise. Is díol sásaimh dom Tionscnamh agus Ciste 'AE ar son na hÚcráine' agus táim sásta tacú le hinfheistíocht tosaíochta téarnaimh agus athléimneachta san Úcráin anois in am an ghátair. Tá súil agam go bhfaighidh Ciste EU4U tacaíocht leathan ionas go mbeidh sé chomh héifeachtach agus is féidir. Ar an ábhar sin, tá sé i gceist agam go dtacóidh Éire leis an Tionscnamh tábhachtach seo agus, faoi réir na bpróiseas ceadaithe náisiúnta, go ndéanfaimid ranníocaíocht airgeadais €7 milliún faoi chomhair an Chiste seo."

**Dúirt Werner Hoyer,** Uachtarán an BEI: "Toisc na riachtanais san Úcráin a bheith chomh mór sin, is gá don phobal idirnáisiúnta cur le chéile le tacaíocht bhreise airgid a chur ar fáil le haghaidh riachtanais láithreacha agus iarrachtaí atógála. Táim an-bhuíoch de na Ballstáit den AE a bhfuil gealltanas airgid déanta cheana féin acu do Chiste 'AE ar son na hÚcráine' an BEI agus dóibh siúd go léir a léirigh a dtacaíocht inniu. Déanfaidh na gealltanais sin agus iad siúd atá le teacht a gcion féin chun tacú le geilleagar na hÚcráine agus le seasamh láidir na tíre i gcoinne ionradh na Rúise. Réiteoidh an tacaíocht a léiríodh inniu an bealach do bhallraíocht na tíre san Aontas Eorpach, leis. Ní hé an chéad uair againn atógáil, agus i ndlúthpháirtíocht leis an Úcráin, lenár gcomhpháirtithe san Aontas Eorpach agus lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, atógfaimid arís!"

Dúirt **Príomh-Aire na hÚcráine, Denys Shmyhal**: "Tá tacaíocht idirnáisiúnta ag teastáil go práinneach ón Úcráin le téarnamh tapa a mhaoiniú. Ar na réimsí atá aitheanta againn mar thosaíochtaí faoi leith tá fuinneamh, tithíocht, bonneagar sóisialta ríthábhachtach agus an earnáil phríobháideach. Táimid ag brath ar thacaíocht an BEI agus a chuid scairshealbhóirí, Ballstáit an AE, le bonneagar criticiúil a thabhairt ar ais. Is mór againn an cúnamh tapa tráthúil atá faighte againn ónár gcomhpháirtithe i rith an chogaidh."

Arsa **Valdis Dombrovskis, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin de chuid an Choimisiúin Eorpaigh**: "Cuirimid fáilte mhór roimh na gealltanais airgeadais atá tugtha ag Ballstáit den Aontas Eorpach don Chiste nua seo de chuid an BEI chun é a fhás agus tacú le téarnamh agus atógáil na hÚcráine. Beidh an maoiniú sin ríthábhachtach le tacar láidir tionscadal a chur chun cinn faoi phacáiste tacaíochta an BEI don Úcráin d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais ollmhóra na hÚcráine. Beidh sé ag teacht go maith freisin leis an ráthaíocht ón AE a chuirfidh ar chumas an BEI luach €100 milliún d'iasachtaí nua a chur ar fáil faoin tionscnamh seo. Tá súil againn go dtacóidh tuilleadh Ballstát leis an tionscnamh seo le cabhrú leis an Úcráin tabhairt faoi na riachtanais bhonneagair is práinní agus a cobhsaíocht mhacrairgeadais a choinneáil in ainneoin ionsaitheacht bhrúidiúil na Rúise."

Dúirt **Teresa Czerwińska, an Leas-Uachtarán de chuid an BEI** atá freagrach as oibríochtaí san Úcráin: "Ó chuir an Rúis tús leis an gcogadh seo táimid ag bogadh go gasta le tacú leis an Úcráin, agus nílimid chun ár maidí a ligean le sruth anois. Cuirfidh an Ciste 'AE ar son na hÚcráine' ar ár gcumas coinneáil orainn ag tabhairt tacaíocht don Úcráin agus an tacaíocht sin a threisiú tuilleadh sula gcuirfidh an tAontas Eorpach bearta breise níos fadtéarmaí i bhfeidhm. Is fada uainn an lá a dtiocfaidh deireadh leis an gcogadh agus a mbeimid in ann tosú ag cabhrú leis an Úcráin a cuid bonneagair a atógáil agus a geilleagar a chur ar ais ar bhealach a leasa. Caithfimid gníomhú anois díreach."

## Teagmhálaithe don phreas

### An BEI

**Olga Sushytska**, o.sushytska@eib.org, teil.: +352 691 289 108
Preasoifig: press@eib.org, teil.: +352 4379 21000, láithreán gréasáin: www.eib.org/press